**Cuntas Leithreasa 2013**

# Vóta 2

# Roinn an Taoisigh

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2, ceanglaítear orm Cuntas Leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 ar thuarastail agus chostais Roinn an Taoisigh lena n-áirítear seirbhísí faoi leith atá curtha i bhfeidhm ag an Roinn agus íocaíochtaí deontas agus deontais-i-gcabhair.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2013, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair de chaiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €1.18 million a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6.

**Ráiteas ar Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh i bhfeidhm agus an Cuntas seo á ullmhú.

**Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

28 Márta 2014

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 2 Roinn an Taoisigh

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn/hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn an Taoisigh. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste

27 Meitheamh 2014

# Vóta 2 Roinn an Taoisigh
# Cuntas Leithreasa 2013

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais | 23,018 | 21,925 | 22,362 |
| | **Ollchaiteachas** | **23,018** | **21,925** | **22,362** |
| | *Bain de*: | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **870** | **960** | **881** |
| | **Glanchaiteachas** | **22,148** | **20,965** | **21,481** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr don ghéilliúint | 1,182,599 | 2,146,203 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 11,122 | 11,323 | 11,266 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 390 | 350 | 333 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 775 | 427 | 664 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 360 | 329 | 355 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 960 | 658 | 695 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 264 | 328 | 390 |
| vii | Seirbhísí comhairleacha agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 18 | — | 1 |
| viii | Uachtaránacht an AE | 2,485 | 2,030 | 1,351 |
| | | 16,374 | 15,445 | 15,055 |

# Nótaí maidir leis an Ráiteas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibríochta 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas chláir | | 6,480 | 7,307 |
| Pá[1] | | 11,960 | 11,685 |
| Neamhphá | | 3,485 | 3,370 |
| **Ollchaiteachas** | | **21,925** | **22,362** |
| Bain de | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **960** | **881** |
| **Glanchaiteachas** | | **20,965** | **21,481** |
| **Athruithe maidir le Sócmhainní Caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (84) | | |
| Caillteanas ar Dhiúscairt | 2 | | |
| Dímheas | 121 | | |
| | | 39 | (12) |
| **Athruithe maidir le Glansócmhainní reatha** | | | |
| Ardú ar fhabhruithe deiridh | 345 | | |
| Laghdú ar stoc | 64 | | |
| | | 409 | (67) |
| **Caiteachas Díreach** | | **21,413** | **21,402** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 4,226 | 4,418 |
| Measchíosanna | | 1,082 | 1,076 |
| **Costas glan clár** | | **26,721** | **26,896** |

[1] Cuimsíonn an figiúr pá do 2013 tuarastail d'Uachtáranacht an AE ar luach €636,852 ó fhotheideal A (viii).

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an méid caiteachais ar ghlanseirbhísí comhaontaithe comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 2, lúide suimeanna a taobhaíodh maidir le vótaí eile.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vote 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | m | 2,455 | 2,529 |
| Vote 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 710 | 713 |
| Vote 20 Garda Síochána | m | 190 | 187 |
| Vote 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannais - Ionad na gComhsheirbhísí Airgeadais | m | 222 | 228 |
| Vote 36 Cosaint | m | 50 | 75 |
| Ciste Lárnach: Pinsin Taoisigh agus Aire | | 599 | 688 |
| Seirbhísí a sholáthraítear do Theaghlachas an Uachtaráin (Vóta 1) | m | — | (2) |
| | | 4,226 | 4,418 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 344 | 383 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 1,242 | 273 |
| Stoic | 2.4 | 54 | 118 |
| Réamhíocaíochtaí | | 147 | 353 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 261 | 71 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,704** | **815** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 244 | 105 |
| Glandliteanas ón Státchiste | 2.6 | 432 | 451 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 1,071 | (107) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,747** | **449** |
| **Glandliteanais reatha** | | (43) | 366 |
| **Glansócmhainní** | | **301** | **749** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **301** | **749** |

| **2.1 Cuntas maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2013 €000** | **2012 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 749 | 670 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 22,148 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (1,183) | | |
| Vóta glan | | | 20,965 | 21,481 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 4,226 | 4,418 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 1,082 | 1,076 |
| Costas glan clár | 1 | | (26,721) | (26,896) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | 301 | 749 |

## 2.2 Ráiteas Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luach amhail an 1 Eanáir 2013 | 3,056 | 595 | 3,651 |
| Breiseanna | 77 | 7 | 84 |
| Diúscairtí | (913) | (5) | (918) |
| Aistriú amach[1] | (18) | (24) | (42) |
| Costas nó luach amhail an 31 Nollaig 2013 | 2,202 | 573 | 2,775 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid oscailte amhail an 1 Eanáir 2013 | 2,800 | 468 | 3,268 |
| Dímheas don bhliain | 94 | 27 | 121 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (912) | (4) | (916) |
| Aistriú amach[1] | (18) | (24) | (42) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2013 | 1,964 | 467 | 2,431 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **238** | **106** | **344** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012** | **256** | **127** | **383** |

[1] Aistríodh sócmhainní ar a raibh bunchostas €41,926 chuig an Roinn Airgeadais.

## 2.3 Banc agus Airgead Tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 1,242 | 303 |
| Orduithe gan íoc | — | (30) |
| | 1,242 | 273 |

## 2.4 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Bronntanais | 9 | 10 |
| Stáiseanóireacht | 3 | 42 |
| Foilseacháin | 41 | 41 |
| Ábhar Inchaite. srl. | 1 | 25 |
| | 54 | 118 |

## 2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair

| amhail an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Cuntas fionraí párolla | 189 | — |
| Aisghabháil ar chaiteachas na scéime pas taistil | 65 | 65 |
| Eile | 7 | 6 |
| | 261 | 71 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin ioncaim | 196 | 217 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 68 | 74 |
| Cáin Bhreisluacha | 7 | 6 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 15 | 35 |
| Fionraí pinsean | 4 | — |
| | 290 | 332 |
| Asbhaintí den phárolla | 75 | 75 |
| Eile | 67 | 44 |
| | 432 | 451 |

| **2.7 Glandliteanas ón Státchiste** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,182 | 2,146 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (111) | (2,253) |
| Glandliteanas ón Státchiste | 1,071 | (107) |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,242 | 273 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 261 | 71 |
| | 1,503 | 344 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (290) | (332) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (142) | (119) |
| | (432) | (451) |
| | 1,071 | (107) |

| **2.8 Ceangaltais** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iomlán na ngealltanas infhorghníomhaithe le dlí | — | 16 |

**2.9 Dliteanais Aibithe**

Ní raibh aon dliteanais aibithe gan scaoileadh ag deireadh na bliana 2013 nó sa bhliain roimhe sin.

## 3 Caiteachas Cláir de réir fo-mhírcheann

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 11,822 | 11,960 | 11,685 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 4,552 | 3,485 | 3,370 |
| A.3 | An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (deontas-i-gcabhair) | 2,012 | 1,950 | 2,027 |
| A.4 | Binse fiosrúcháin (íocaíochtaí leis an Uasal C.J. Haughey agus leis an Uasal M. Lowry) | 1,612 | 2,513 | 1,593 |
| A.5 | An Coinbhinsiún ar an mBunreacht | 920 | 824 | 216 |
| A.6 | Reifreann maidir le Deireadh a chur leis an Seanad | 2,100 | 1,193 | — |
| — | *Reifreann ar Chonradh um Chobhsaíocht Fhioscach an AE* | — | — | *3,471* |
| | | **23,018** | **21,925** | **22,362** |

**Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gclár €1.09 milliún níos lú ná mar a soláthraíodh. Seo a leanas na hathróga suntasacha:

| **Fo-theideal** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Binse Fiosrúcháin | (901) | Athraitheas mar gheall ar chostais tríú páirtí de €1.7 milliún a íoc agus nach raibh buiséadú déanta ina leith in 2013. |
| Reifreann maidir le Deireadh a chur leis an Seanad | 907 | Bhí an t-athrúchán mar gheall ar thearc-chaitheamh ag an gCoimisiún Reifrinn mar gheall ar bharainneachtaí scála de bharr go raibh dhá reifreann ar bun le chéile, i.e. An reifreann ar dhíothú an tSeanaid agus an Reifreann ar Achomhairc Chúirte. Roinneadh na costais ar fhógraíocht, phriontáil agus postas. |
| Riarachán caiteachas eile | 1,067 | D'eascair na coigiltí go príomha mar gheall gur baineadh luach ní ab fhearr ná mar a rabhthas ag súil leis ar chostais chraolacháin d'uachtaránacht an AE (€455,000). Anuas air sin, baineadh coigiltí amach ar chostais theagmhasacha go príomha maidir le costais dhlíthiúla (thart ar €240,000). Bhí tearc-chaitheamh le sonrú sa limistéar TF mar gheall ar chlár ionadaithe bogearraí a bhí beartaithe ach nár críochnaíodh mar gheall ar thosaíochtaí iomaíocha eile agus a chríochnófar faoi dheireadh an dara ráithe in 2014 (€302,000). |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Ilghnéitheach | 58 | 91 | 29 |
| 2. | Fáltais ó asbhaint um pinsean as luach saothair seirbhíse poiblí | 812 | 869 | 852 |
| | **Iomlán** | **870** | **960** | **881** |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 201 | 215 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 11,744 | 12,092 |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 375 | 406 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 464 | 472 |
| ÁSPC an Fhostóra | 751 | 757 |
| **Pá iomlán** | **13,334** | **13,727** |

201 ab ea ECF na Roinn amhail an 31 Nollaig 2013.

Cuimsíonn figiúirí 2013 sa chlár thuas foireann ón Roinn (177), an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch & Shóisialta (CNES) (19), an Tionól Bunreachtúil (4), an Binse Fiosrúcháin (1).

Leasaíodh figiúirí comparáideacha 2012 thuas agus Nóta 5.1 leis na figiúirí foirne comhdhlúite seo a léiriú.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair | Uasíocaíocht Aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2013 | 2012 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 39 | 18 | 26,940 | 28,430 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 75 | 15 | 27,351 | 26,746 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

Fuair daoine aonair áirithe in NESC liúntas de 16.67% dá thuarastal in áit an phinsin.

Liúntais Rúnaíochta nach raibh ar an bpárolla san áireamh i bPá an Bhinse Fiosrúcháin.

**5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair**

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de €29,698 (2012 - €29,681) maidir le sochair chomhaontaithe scoir do bheirt iar-fhostaí.

# 6 Ilghnéitheach

**6.1 Coimisiúin agus Fiosrúcháin**

**Coimisiún, Coiste nó Fiosrúchán Speisialta**

| | Bliain a ceapadh | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Binse Fiosrúcháin II (Íocaíochtaí leis an Uasal Haughey agus leis an Uasal Lowry) | 1997 | 2,513 | 1,593 |

Ba é an caiteachas carnach suas go deireadh Mhí na Nollag 2013 ná €47.1 milliún.

Déanfar tuilleadh íocaíochtaí i dtaca leis an mBinse Fiosrúcháin seo. Ní féidir na costais deiridh a chinneadh ag an bpointe seo.

**6.2 Bronntanais Oifigiúla**

Tá suim de €9,053 san áireamh sa chuntas a úsáideadh chun bronntanais a cheannach le tíolacadh ag nó thar ceann an Taoisigh agus Airí Stáit in 2012. (2012: €3,997).

Anuas ar chaiteachas sa Chuntas, fuair an Taoiseach trí bhronntanas ar luach iomlán €7,500 in 2013. Is éard a bhí iontu seo péintéireacht, vása agus ríomhaire glúine.

**6.3 Costais Dlí**

Níor íocadh aon chostais dlí in 2013 (2012: €241,676).

**6.4 Reifreann faoin gConradh um Chobhsaíocht Fhioscach an AE**

Tionóladh an Reifreann um Chobhsaíocht Fhioscach an 4ú Deireadh Fómhair 2013.

Soláthraíodh buiséad de €2.1 milliún le haghaidh feachtais Faisnéise Rialtais. Ba é an caiteachas ná €1.2 milliún.

Gearradh costais eile an Reifrinn, mar shampla priontáil pháipéar ballóide, costais na gceann comhairimh srl. don Lárchiste.

**6.5 Socraíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim**

San áireamh sna fabhruithe tá socraíocht dheonach €78,644 leis na Coimisinéirí Ioncaim a íocadh i Márta 2014. Chuimsigh seo an tréimhse 2012 chuig deireadh Eanáir 2014 agus bhain dliteanas leis le haghaidh cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla a bhí infheidhme le soláthróirí áirithe ar luach €47,795, sochar comhchineáil ar úsáid tacsaithe chuig agus ón mbaile ar luach €24,506 ar an iomlán agus sochar comhchineáil a bhí le híoc maidir le liúntais éadaí, choisbhirt agus tae ar luach €6,344 a íocadh le fostaithe sa tréimhse. Cuireadh socruithe nua i bhfeidhm ag an Roinn chun dul i ngleic le gach ceann de na saincheisteanna seo.